
# CÉIM AR CHÉIM




## Céim 6 – 10

# Intreoir

Is moladh é an plean seo ar stráitéisí, ghníomhaíochtaí agus cheachtanna bunaithe ar an scéim léitheoireachta **Céim ar Chéim.** Tá pacáiste de leathanaigh thacaíochta ar fáil le tacú leis an phlean seo. Tá áiseanna ann a síleadh a bheadh úsáideach le gníomh áirithe a dhéanamh chomh maith.
Ar ndóigh, níl sé inmholta go mbeadh ar pháiste ar bith gach ceann de na gníomhaíochtaí seo nó gach ceann de na leathanaigh thacaíochta a chomhlánú roimh leanúint ar aghaidh chuig leabhar nua. Tá na moltaí seo le tacú leis an léitheoireacht ach is í spreagadh na léitheoireachta agus tacú leis an léitheoireacht an rud is tábhachtaí leis an phlean seo agus ní leathanaigh oibre agus tascanna scríofa.
Láimhseáltar gnéithe éagsúla; gramadach, fónaic srl, de réir a chéile agus mar sin b'fhiú na leathanaigh a chlúdach leis na daltaí san ord ina bhfuil siad sa phlean seo.

**Molaimid na leathanaigh ghníomhaíochta a úsáid ar bhonn scartha seachas mar 'leabhar' sa dóigh go mbeidh saoirse ag páistí gníomhaíochtaí a dhéanamh agus iad réidh dóibh. Is féidir na leathanaigh seo a mheas agus a úsáid le páistí agus iad ag an léibhéal cuí.**

**Láimhseáil Leabhar**

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh páistí an dóigh le leabhar a láimhseáil, an dóigh le leabhar maith a roghnú agus an dóigh le dul i mbun léitheoireachta agus seánraí éagsúla san áireamh.
Maidir le **leabhair fhicsin** ba chóir go léireofaí an dóigh le hamharc ar leabhar, na pictiúir a phlé agus a mheas, an blurba a aimsiú agus a mheas, an cineál leabhair atá ann a mheas, ainm an údair nó an mhaisitheora a aimsiú, stíl an leabhair a phlé agus critéir eile a aimsíonn an páiste a mheas.
I dtaca le **leabhair neamhfhicsin** de tá léargas de dhíth ar an dóigh le clár agus innéacs a úsáid. Is féidir an dóigh leis an leabhar seo a úsáid le heolas a bhailiú a léiriú agus nach bhfuil gá lena léamh ó thús deireadh.
Le **leabhair chaibidle** ba chóir an dóigh leis an chlár a aimsiú a léiriú agus an leabhar a oscailt ag leathanach nó ag caibidil ar leith. Má tá gluais sa leabhar léirigh an dóigh leis an ghluais a aimsiú agus an dóigh lena húsáid.
Tá gnéithe eile le plé maidir le **seánraí éagsúla** na scéime seo; is é sin leagan amach dáin, leagan amach dráma, lipéid a aithint agus a thuiscint, úsáid poncaíochta i seánraí éagsúla leabhar agus úsáid éifeachtach pictiúr.

**Na Gníomhaíochtaí**

Is féidir cuid mhaith de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh i gcomhair le **cláir bhána, litreacha maighnéadacha, díslí, péint, marla, cluichí** agus áiseanna eile nach iad.

Tá cluichí **biongó** le cuid de na céimeanna agus iad grádaithe ó mheaitseáil pictiúir/focal le pictiúr/focal go meaitseáil pictiúr agus focal, focail a dhéanann rím, túsfhuaim/pictiúr, fuaim dheireanach/pictiúr.

Tá tús curtha le cleachtadh ar **litreacha na haibítre** i gcéimeanna 4/5. Is féidir leanúint leis na cleachtaí sin ag brath ar pholasaí scoile.

Tá **focail ardmhinicíochta** ann mar chluichí agus cleachtaí. Is feidir iad a athrú de réir mar a fhóireann.

Leantar na scéimeanna ***Black Sheep*** agus ***Fónaic na Gaeilge***. Tá moltaí ó *Black Sheep* sna céimeanna 1- 3. Cuirtear tús le *Fónaic na Gaeilge* i gCéim 4 agus leantar leis trí na céimeanna uilig.

**Rinneadh an obair seo i gcomhair le múinteoirí ó Bhunscoil Phobal Feirste agus Scoil na mBráithre Chríostaí in Ard Mhacha ach go háirithe le Deirdre Nic Suibhne, Fianna Nic Aoidh agus Dolores Barnes.**
**Tá leagan daite de na leathanaigh ar fáil ar www.aisaonad.org**
Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, 2009
© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 6 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíochta Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Turas Oscair** (agus Scéalta Eile) | Dán, athinsint fhicseanúil, insint<br><br>Cnuasach scéalta<br><br>Ceist agus freagra | Céim 1, 2, 3 *Fón. na Gaeilge*<br>**agus, clár, an, mór, tá, rud, cad, é, a, mé, ar, arsa, Mamó, hata, an, cat, na, rud, nár, ná**<br>Rím: faoi/spraoi, róghasta/scriosta, mhór/chóir<br>Siollaí le meaitseáil | Ceannlitir, lánstad, spás idir fhocail, camóg, comhartha uaillbhreasa, comharthaí cainte, caint dhíreach, comhartha ceiste, …, bolgáin chainte | **Iolra**: scéalta, stocaí, boscaí, hataí<br><br>An liathróid mhór –ó bhéal<br><br>**Róghasta** – dul siar ó bhéal<br>**D'amharc/D'oscail/ D'imigh -** cluiche, le scríobh<br>thar/faoi - gníomhaíochtaí | Meaitseáil pic/focal , meaitseáil focal<br><br>Sraith ríme a chumadh<br><br>Sraith imeachtaí (pictiúir nó abairtí) a chur in ord agus scéal a insint leo | Aimsir chaite (d'amharc, srl.) Scéal a mhúnlú<br>Dán le rím a chomhscríobh faoi Oscar/ liathróid mhór<br><br>"Mo Chairt"<br>Chuir mé X isteach inti<br><br>**Seo duit** a scríobh |
| **Mo Theaghlach** | Téacs ceisteach<br><br>Ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**mo, is, ar, ort, a, an, agat, cé, hí, í, hé, é, ag, tá, grá, agam, do, go, tú**<br>Focail a dheighilt ina siollaí | Ceannlitir, lánstad, spás idir fhocail, comharthaí ceiste, comharthaí uaillbhreasa | **mo** + séimhiú<br><br>Duine a chuidíonn liom/a bhíonn ag súgradh liom, srl.<br><br>Tá grá agam do… | Meaitseáil pic/focal , focail<br><br>Gearradh agus greamú abairtí/Cuir isteach an focal<br><br>Portráid teaghlaigh | **Mamaí, Daidí, Mamó, Daideo** a scríobh<br><br>Seo duine a…<br>Tá grá agam do… |
| **An dTig leat Seo a Dhéanamh?** | Téacs próisis<br>liosta<br>lipéid<br>treoracha<br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**an, a, clár, bus, bád, le, glas, ar, corp, cosa, agus, na**<br><br>Siollaí | Ceannlitir, lánstad, spás idir fhocail, comharthaí ceiste | **Iolra 1/2/3: glantóirí, boscaí, dathanna, eiteoga, cosa, rothaí, rudaí**<br><br>Thig linn x a dhéanamh le…<br>**ar (an)** + séimhiú | Meaitseáil pic/focal<br>Abairtí a ghearradh agus a ghreamú<br>Cuir isteach an focal<br>Sraith imeachtaí - ord<br>Innéacs a scriobh | Liosta a scríobh<br>Treoracha a scríobh<br>**Thig linn** a scríobh<br>Abairtí le focail ón leabhar a scríobh |
| **An Císte** | Dráma<br><br>dráma<br>carachtair<br>script<br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**an, na, agus, ar, a, ó, tar, bú, hú, cad, ag, ár, tá, mise, dul, mé, é, agam**<br><br>Focail a dheighilt ina siollaí. | Ceannlitir, lánstad, spás idir fhocail, comharthaí uaillbhreasa, comharthaí ceiste | Thig **liom/leat/linn**….<br>D'imigh an císte leis?<br><br>Tá mise ag dul a chaoineadh/ag dul a dhéanamh – ó bhéal<br>Tá císte agam **duit/dó**/srl. | Línte fuaime,<br>cearnóga páipéir,<br>litreacha maighnéadacha,<br>meaitseáil pic/focal,<br>meaitseáil focal | Ceisteanna le freagairt<br><br>Script a scríobh do charachtair éagsúla<br>An script sa dráma a athrú (múnlaithe) |
| **Phéinteáil Peadar Pictiúr** | Insint<br><br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**ar, a, cad, é, arsa, mór, ard, glas, nó, tá, agam, mé.**<br>Focail a dheighilt ina siollaí | Ceannlitir, lánstad, spas, comharthaí cainte, caint dhíreach, comhartha ceiste/uaillbh., camóg | **Iolra 3: péinteanna.**<br>Phéinteáil (aimsir chaite).<br>D'amharc Peadar ar…<br>Thig leat teach a phéinteáil.<br>**Aidiachtaí** teach mór dearg/luchóg bheag bhán – ó bhéal | Meaitseáil pictiúr agus focail<br>Meaitseáil focal<br><br>Ceisteanna le plé | **Aidiachtaí** a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta m.sh. **carr mór dearg** |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 7 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bó sa Chistin** | Dán, insint, athinsint fhíriciúil<br><br>cnuasach scéalta<br>dán<br>lipéid<br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**bó, sa, agus, cat, dán, do, mú, cad, é, a, le, agat, i, rud, an, úr, stad, na, as, Lára, brat, lena, arsa, tá, ag, ar, ina, í, di, Mara**<br><br>Focail a dhéanann **rím**<br><br>Tús le Céim 4 (FnaG)<br>**carr** | Abairtí le scríobh ina bhfuil comharthaí cainte agus uaillbhreasa<br><br>Abairtí le scríobh ina bhfuil comharthaí ceiste agus comharthaí uaillbhreasa | **Iolra 1/2/3: cearca, bláthanna, céimeanna**<br>sa + séimhiú<br><br>**A fheirmeoir/A Lára**<br>" " a scairt Mamaí<br><br>**as an** + séimhiú<br>**ar (an)** + séimhiú<br>**chuig an** + séimhiú<br><br>Liosta - briathra sa leabhar | Meaitseáil pic/focal<br>Meaitseáil focal<br><br>Abairtí le gearradh/greamú<br><br>Ceisteanna le freagairt | **Is maith liom**… a scríobh<br><br>Chuaigh mé chuig an…<br><br>Scéal a scríobh faoin pháirc. (ag súgradh ar an…)<br><br>Liosta a scríobh<br><br>**Chuaigh/chuig** |
| **Béir, Béir, Béir** | Fantaisíocht<br><br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3,4<br>**tá, an, ag, dara, mé, atá, ná, dul, agus, go, cad, é, mar, ní, tar, na**<br>nigh/spraoi, clábar/slabar, uisce/cliste, císte/scíste, staighre/gáire | Ceannlitir, lánstad, camóg<br><br>Abairtí a scríobh le comharthaí cainte/ uaillbhreasa | **Iolra 4: béir -** ó bhéal<br>Amharcaigí, tagaigí – ó bhéal<br><br>An chéad bhéar beag srl.<br><br>ag glanadh/gáire<br>ag dul suas an staighre | Meaitseáil pictiúr/focal<br>Meaitseáil focal<br>Sraith ríme a chumadh<br>Abairtí le críochnú<br><br>Freagraí a phlé nó a scríobh ar cheisteanna | **Tá béar ag**… a scríobh<br><br>Focail a dhéanann rím a scríobh<br><br>Comhrá carachtair a scríobh |
| **Cé Leis an Ubh seo?** | Dráma<br><br>dráma<br>carachtair<br>script<br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**cé, an, na, frog, ar, ní, í, is, atá sa, go, san, tá, mé, ag, dul, a**<br><br>Cuardaigh samplaí eile de **rr, ll, nn** i leabhair eile | Ceannlitir, lánstad, comharthaí ceiste, comharthaí uaillbhreasa | **Iolra 5: uibheacha ainmhithe**<br>Cé leis an…?<br>**Is liomsa..Is leat/liom/An leat**<br><br>sa + séimhiú - ó bhéal<br>san + guta - ó bhéal | Meaitseáil pictiúr agus focal<br>Meaitseáil focal<br><br>Comhrá a scríobh do charachtair | Liosta a scríobh<br><br>Treoracha a scríobh<br><br>**Cé leis an…? Is liomsa**… |
| **Peataí ar Scoil** | Athinsint fhíriciúil<br><br>lipéid<br>bolgáin chainte<br>clónna éagsúla<br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3<br>**ar, na, i, tá, ag, an, atá, is, Úna, Pam, Cam, Mac, agus, Pac, cad, é, mar, tú, de, do, arís**<br><br>*Fon na Gaeilge 4* - **ll, nn, rr.**<br>Siollaí | Ceannlitir, lánstad, comhartha uaillbhreasa, bolgáin chainte, camóg, comharthaí cainte/ceiste, caint dhíreach | **Iolra 1:** ***peataí, boscaí, cásanna, piscíní, madaí, seirbilí, coiníní***<br><br>Is maith leis/leo…..<br><br>**Aidiachtaí** le scríobh mar chur síos ar pheataí | Meaitseáil pictiúr/focal<br>Meaitseáil focal<br><br>Cuir síos ar pheataí<br><br>Scriobh faoi pheataí ar scoil | **Is maith le**… a scríobh.<br><br>Bolgáin chainte faoi do pheata (struchtúr ón leabhar)<br><br>Cuir síos a scríobh |
| **Lá Breithe Sona Duit** | Fantaisíocht<br><br>ceist agus freagra | *Fon. na Gaeilge* 1,2,3,4<br>**lá, sona, cé, atá, ag, an, ann, tar, do, hata, frog, é, cat, cá, na, ní, hé, agat**<br><br>An focal **cnag** (fuaim **r**) | Ceannlitir, lánstad, spás idir fhocail, comharthaí uaillbhreasa, comharthaí ceiste | **Iolra 1, 2: hataí, feadóga**<br><br>An structúr - ….atá ann a chleachtadh | Línte fuaime,<br>cearnóga páipéir,<br>litreacha maighnéadacha,<br>meaitseáil pic/focal,<br>Sraith imeachtaí (pictiúir nó abairtí) a chur in ord | Cláir bhána, litreacha, marla, péint, srl.<br><br>Doras (mar atá sa leabhar) a dhéanamh agus scríobh faoi. "Máire atá ann." srl. |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 8 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dónall Dobhareach** agus Scéalta eile | Dán, fantaisíocht, fantaisíocht, fantaisíocht<br><br>Dán agus 3 scéal | FnaG – dul siar ar 1-3<br><br>Cluiche ríme<br><br>FnaG – Ceim 4 **th** – samplaí sa leabhar – tús, lár agus deireadh focail *thabhairt, thig, maith, bith* | Léamh le tuiscint<br><br>**Comharthaí ceiste**, caint – le scríobh **Comharthaí uaillbhreasa** – le scríobh | **le – liom** srl<br><br>Abairtí le críochnú – comhréir na Gaeilge<br><br>Déan liosta de na briathra – a scríobh nó ó bhéal | Ceist agus freagair x7 Gearr agus greamaigh<br><br>Éadaí a shórtáil – tionscadal ar éadaí<br><br>**Liom, leat** i gceachtanna | Abairtí a chríochnú le heolas ón scéal<br><br>Ceisteanna oscailte agus inféireacha le freagairt<br><br>**Liom, leat** a scríobh<br><br>**Litreacha beaga agus móra** a chleachtadh |
| **Béir Bhána** | Neamhfhicsean mínitheach<br><br>Eolas le grianghraif | FnaG – 4 **bh** – tús, lár agus deireadh focal Cuardaigh sa téacs agus i leabhair eile | Lipéid<br><br>**An chamóg** - liostaí Abairtí le camóga le cur in ord | **Aibítir le foghlaim**<br>**Ord aibítre - 1ú litir** | Ainmhithe agus a n-óga le meaitseáil Focalchuardach<br><br>**An aibítir** Litreacha/focail le cur in **ord aibítre** | Innéacs a scríobh<br><br>Lipéid a chur ar phictiúir<br><br>Ceisteanna le freagairt |
| **Cén Dath atá air?** | Dán<br><br>Frásaí athráite | FnaG – focail a dhéanann rím – cluiche | Lánstadanna le héifeacht – thar leathanach | *Is maith liom – Is maith liomsa.*<br>*Is maith leis – Is maith leisean* - Cleachtadh ó bhéal.<br><br>**Aidiachtaí –** na dathanna mar thúsphointe Aidiachtaí eile a aimsiú | Dathanna a scríobh<br><br>Focail a dhéanann rím a aimsiú agus a mheaitseáil | Dathanna a scríobh agus a litriú |
| **Is Cinnte nach bhFuil** | Dráma Carachtair agus script a aithint<br><br>Frásaí athráite – furasta mar línte le foghlaim | FnaG 4 – **ch** – focail le haimsiú *a Choinín, fanacht, sa choill, isteach, a Chearc, gach, ach, teacht, amach* Cuardaigh téacsanna eile | **Poncaíocht x 5** - lánstad, camóg, c. cainte, c.uaillbhreasa, c. ceiste Comharthaí le cur isteach | **sa + séimhiú** (leis na litreacha *p, m, c*) | Ainmhithe le haithint agus le rangú<br><br>Crosfhocal | Scéal a scríobh le tacaíocht – béim ar **thús, lár agus deireadh - TLD** |
| **Turas sa Spás** | Neamhfhicsean mínitheach | FnaG– 4 **ng** -línte fuaime cuardaigh samplaí sa leabhar seo agus i leabhair eile | An chamóg – i liostaí<br><br>Sampla na n-uimhreacha i liosta | **Iolra 1, 2, 5** – ***-í, -a, -tacha***<br><br>**Ord aibítre (2ú litir)** | Gearr agus greamaigh – abairtí Focalchuardach<br><br>Freagraí le ceisteanna a dhéanamh dóibh | Blurba le cóipeáil – do cheann féin a scríobh |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 9 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Feithidí** agus scéalta eile | Dán, insint, insint, insint, insint<br><br>(dán agus 3 scéal) | Cluiche ríme<br>An focal **<u>cnag</u>**<br><br>*FnaG* 4 **– <u>th</u>**<br><br>Caol/leathan- meaitseáil | Caint dhíreach – le haistriú ó bholgáin chainte go habairtí | An focal *d'eitil* – **aimsir chaite le guta** nó le **fh** – samplaí eile – *d'oscail, d'ionsaigh, d'alp, d'úsáid, d'fhás, d'fhan*<br><br>**Ainmfhocail** le liostú | Caint a athrú ó bholgáin chainte go caint dhíreach<br><br>Biashlabhra a fhiosrú | Freagraí ar cheisteanna<br><br>Ainmhithe a aimsiú agus a scríobh<br><br>Scéal a scríobh – béim ar **thús, lár, deireadh** |
| **Dobhareacha** | Neamhfhicsean mínitheach<br><br>Athrá maidir leis na briathra<br><br>Léarscáil agus eochair | *FnaG* – Céim 4 – dul siar – *ch, bh* le liostú<br><br>*nn* le liostú<br>A phlé maidir le haimsir láithreach agus uimhir iolra | Ceist mar theidil<br><br>Freagra san alt<br><br>Ceisteanna atá sa chlár | **liom, leat, leis, léi**-ceacht<br><br>**sa + séimhiú** ar na litreacha *g,m,p,s*<br>(níl séimhiú ar an *s*) | Lipéid a chur ar phictiúr<br><br>Focail ar iarraidh le haimsiú agus le scríobh isteach<br><br>Focalchuardach<br><br>**Ord aibítre – 2ú litir** | Innéacs a scríobh<br><br>Alt eolais le scríobh ar an Afraic<br>Alt eolais le scríobh ar ainmhí<br><br>Lipéid a scríobh |
| **Maidin Mhaith** | Insint<br><br>Comhrá idir gasúir agus carachtair eile – ceist agus freagra | *FnaG* – 4. <u>mh</u> a chuardach, *mhaith, mhuc* agus samplaí ó leabhair eile | Cad é ….a dhéanamh?<br><br>Comharthaí cainte le cur in abairtí | **Inscne na n-ainmhithe** – *an madadh, an chaora, an mhuc, an chearc*<br>Tá rudaí baineann/fireann sa Ghaeilge – séimhiú – ó bhéal. | Laethanta na seachtaine<br>Cloze<br>Fuaimeanna ainmhithe<br>Focail le liostú le *ag*<br>Focalchuardach<br>Focail le gearradh agus le meaitseáil | Freagraí le scríobh ar cheisteanna<br><br>Frásaí le cur in abairtí<br><br>Freagraí le cóipeáil |
| **Cad é atá an Damhán Alla seo a Dhéanamh?** | Téacs mínitheach/ ceisteach | Focail a dhéanann rím le haimsiú sa leabhar – cluiche meaitseála | | Struchtúr abairte – *Cad é atá….. a dhéanamh?*<br><br>Comhréir - abairtí le cur san ord ceart<br><br>Caol agus leathan – focail le meaitseáil<br><br>**Ainmfhocail** a scríobh | **Clár ABC** – eolas a aimsiú<br><br>Biashlabhra a fhiosrú<br><br>Focalchuardach – focail ón leabhar | Ceisteanna le freagraí a aimsiú sa téacs |
| **An bhFuil Tú Mór go Leor?** | Fantaisíocht | Cuardaigh samplaí de *nn, ll, rr, th, bh, ng, ch, mh* ó *FnaG* 4 – mar dul siar – le cur le liostaí<br><br>**Caol/leathan** – ceacht | 5 chomhartha poncaíochta le cur in abairtí | **I mo chónaí** – ceacht<br><br>**Mo + séimhiú**<br>**Liom, leat, leis, léi**-ceacht<br><br>**I mo chónaí/ina cónaí/ ina chónaí/ ina gcónaí** | Cloze<br>Focail le foghlaim – focail ardmhinicíochta ón Chéim<br><br>Crosfhocal – focail ón leabhar | **Scéal le scríobh le fráma** – is carachtar sa scéal tú – imir cleas |

© An tÁisaonad 2009

| Céim / Leabhar 10 | Leibhéal Téacs | Eolas Fóneolaíoch Fónaic | Poncaíocht | Gramadach | Gníomhaíochtaí | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deich Lacha** agus Scéalta eile | Dán agus 3 scéal – dán, fantaisíocht, insint, athinsint | Focail a dhéanann rím<br><br>*FnaG* 4 – focail ina bhfuil **ch** | Abairtí i mbolgáin chainte a aistriú go habairtí i scéal | Uimhreacha agus athruithe – ceacht<br><br>**A cosa/a chosa**– ceacht<br>**Ainmfhocail** -ceacht<br>**Aidiachtaí** –ceacht | Abairtí le críochnú – deireadh le roghnú<br><br>Crosfhocal<br><br>Eolas a aimsiú ar na lachain | Ceisteanna le freagairt<br><br>Abairtí – fíor nó bréagach<br><br>Píosa eolais a scríobh |
| **Bóín Dé, Bóín Dé** | Fantaisíocht | *FnaG* 4 – **bh** agus **bhf** *a Bhóín Dé, a bhfuil, bhaile, i bhfolach*<br><br>**dh** – *ar dhuilleog* – aimsigh samplaí i leabhair eile (leathan)<br>**th bh ch dh sh** - ceacht | Comhrá sa leabhar<br><br>5 chomhartha poncaíochta le cur in abairtí | **ar an + séimhiú** – ó bhéal<br><br>**Tuiseal Gairmeach** – *A Bheach, a Fhéileacáin* – ó bhéal<br><br>**Orm, ort** ceacht | Cloze<br><br>Aimsigh eolas ar bhóíní Dé, ar shnáthaidí móra srl. | Blurba eile a scríobh don leabhar<br><br>Ceisteanna le freagairt |
| **Ulchabháin** | Neamhfhicsean mínitheach | Focail bheaga a aimsiú in **ulchabháin** – *bán, in, nach, luch, ná, ál, bain, ach*<br><br>Siollaí – *ulchabhán, clúmhacha, crúcacha, neadacha* | | **Aidiachtaí a aontú le hainmhfhocail** – *ainmhithe beaga, cleití boga clúmhacha* – ó bhéal, samplaí eile ó bhéal | **Clár ABC** – eolas a aimsiú ar na hulchabháin<br><br>Ceisteanna – 5 C – cá háit, cád é, srl.<br><br>Lipéid a chur ar phictiúir<br>Focail le cur in **ord aibítre** | Ceisteanna le freagairt<br><br>Abairtí/frásaí eolais le scríobh le focail ón innéacs |
| **Géanna ag Coimhéad** | Neamhfhicsean mínitheach | *FnaG* – **gh** – *an ghé* (tá sé cosúil leis an litir **y**)<br><br>*FnaG* 5 – an difear idir an **mh** in *amharc, coimhéad* –samplaí eile i leabhair eile - **caol/leathan** | | **Iolra 3** – eanna/anna<br><br>**Briathra** a aimsiú in abairtí<br>**Caol agus leathan** – le meaitseáil<br><br>**Orm, ort, air, uirthi** | Cloze<br><br>Níos mó eolais a aimsiú ar ghéanna agus ar a nósanna | Scéal a scríobh gur gé san oíche tú – le fráma.<br><br>Scéal - alt do dhuine sa rang nó sa bhaile ar na géanna. |
| **Na Géanna agus an Róimh** | Insint stairiúil | *FnaG* 4 – samplaí d'fhocail le **sh** sa leabhar seo agus i leabhair eile | Comharthaí uaillbhreasa – géanna ag scairteadh ar a chéile – scríobh abairtí eile mar scairteanna | Scéal a tharla san **aimsir chaite** – briathra a aimsiú agus a liostú<br><br>**Ina gcodladh** – dul siar | Eolas a aimsiú ar an Róimh agus ar an Eoraip<br>**Focail le foghlaim** – 20 focal ardmhinicíochta – cluiche cártaí le himirt leo<br><br>Cluiche – *Tóg an Balla* (focail ardmhinicíochta) | Freagraí tugtha – scríobh na ceisteanna |

© An tÁisaonad 2009

# Focail Ardmhinicíochta

| | | |
|---|---|---|
| **Céim 1** | **Dhá Éan Bheaga agus Scéalta Eile** | ar bhí an tá mise ag mé |
| | **Patrúin** | go tú Amharc atá ann na |
| | **Chonaic Mé** | chonaic mé rith |
| | **Cé atá ar an Fheirm** | atá ar an Tá |
| | **Mo Theach** | seo mo tá mise sásta anseo |
| **Céim 2** | **Déan Císte agus Scéalta Eile** | déan é amach agus ith an mé chuir san bhí sé le do |
| | **Is Maith Linn Patrún** | seo ag Tá mé ag Is maith le |
| | **Lá Breithe Sona** | atá ar an mise tá mo lá |
| | **Ag Dul ar Scoil** | ag dul ar arsa Mamaí |
| | **An Fear Sneachta** | an mé chuir air amharc |
| **Céim 3** | **An Cat sa Teach agus Scéalta Eile** | is maith liom mo agus do níl mé ag dul amach arsa Daidí síos na suas ar an chuaigh crann léim cad é níor |
| | **Múscail** | an sa crann tá |
| | **Gráinne Gráinneog** | Tá ag amharc atá ann arsa leat is liomsa seo |
| | **Ag Fás** | ag seo atá ann muc crann mise agus mé i mo bhí |
| | **An Faoileán** | an d'amharc ar níl mé i mo anseo seisean trá is |
| **Céim 4** | **Ag Séideadh leis an Ghaoth agus Scéalta Eile** | ag an ar a do san na bhí tá sa atá ann arsa seo mo go tú is sé amharc |

© An tÁisaonad 2009

| | | |
|---|---|---|
| | **Amharc amach ar an Fhuinneog** | ar an cad é a tú na ag páistí súgradh amharc san sa |
| | **Boscaí Iontacha** | mé as an a is rud rinne |
| | **Déan Eitleog** | na seo le an ar déan cuir |
| | **Ag Súgradh ar an Trá** | ag ar an thig rith dul a na sa leis na agus súgradh léim |
| **Céim 5** | **Stad! agus Scéalta Eile** | agus bhí a ag an dul arsa ach is tú seo gan fosta nó tá cad é anseo beag amharc Mamó Daideo Daidí Mamaí tháinig |
| | **Ná Déan Dearmad** | ná déan cad é ag dul a arsa ba liom ar mo do sa an chuig Mamaí Mamó Daidí |
| | **Táimid ag Súgradh** | táimid tá ag an thig tá mise ní dul i liom le súgradh |
| | **Cad é atá ann?** | cad é atá ann tá |
| | **An Chuileog** | an tá bhí sa agus sé arsa ach ar sa sí isteach chonaic chuaigh |
| **Céim 6** | **Turas Oscair agus Scéalta Eile** | agus an seo mór an ag dul tá gach rud cad é mé isteach arsa Mamaí sí Daidí sé Mamó Daideo amharc na ann ná mé liathróid |
| | **Mo Theaghlach** | mo is mise ar ort seo a dom an bhfuil agat cé í é liom duine ag súgradh tá grá agam do an go tú Daideo Mamó Mamaí Daidí |
| | **An Císte** | an na chuaigh agus ar amharc thig linn a rinne leis ó nach sin tar ais cad sibh ag tá mise dul fosta mé é Mamaí ach. |
| | **Phéinteáil Peadar Pictiúr** | D'amharc ar a cad é thig liom leat teach Mamaí mór nó tá agam arsa mé féin |
| | **An dTig Leat seo a Dhéanamh?** | an leat seo a iad thig linn le amach cuir ar na cúpla agus déan amharc rinne muid is maith |
| **Céim 7** | **Bó sa Chistin agus Scéalta Eile** | sa cad é faoi sin a cat madadh agus le amach iad agat é bhí i sí gach rud an scairt Mamaí Daidí na as Mamó chuaigh rinne sé do amharc arsa thig leat seo léi tá ag is maith le suí ar leis í siad chuig fosta súgradh d'amharc níor dul arís |
| | **Cé Leis an Ubh Seo?** | an seo na d'amharc ar leis ní í is atá sa go san amharc tá mé ag dul anois |

© An tÁisaonad 2009

| | | |
|---|---|---|
| | **Peataí ar Scoil** | ar scoil bhí na inniu i amharc tá ag an atá is maith leis seo agus cad é mar tú sé muid faoi rinne de do fuair gach linn ann iad |
| | **Lá Breithe Sona Duit** | cé atá ag an ann seo do é cá bhfuil na ní anois |
| | **Béir, Béir, Béir** | tá an ag is beag mé atá ná déan dul Mamaí agus Daidí go amach isteach cad é a bhí |
| **Céim 8** | **Dónall Dobhareach agus Scéalta Eile** | cá fheiceann tú le ar an acu fiche ní níos ag ól is maith dul rachaidh chuig trá mé thóg chuir hata úll an dtig leat arsa seo bus nach bhfuil agat thig linn bhí ba mhaith liom teach úr chonaic bith anseo mór gach áit róbheag rómhór ach ansin isteach nuair théann Daideo siopaí bheith leis san uisce madadh ach sásta |
| | **Cén Dath atá Air?** | cén dath atá air rudaí ann atá buí éist leis an is maith liom béar ach bán le tá sé deas glas solas deir mo Mamaí dearg gorm tábla amharc dathanna mise mo phictiúr féin |
| | **Béir Bhána** | cén atá orthu cá siad cad é itheann iad bán Tá súile beaga acu cluasa níl nó rómhaith thig leo go maith agus sneachta cois farraige fosta téann geimhreadh tagann saol fágann san earrach bíonn samhradh troid codladh faoin fosta bia |
| | **Turas sa Spás** | turas sa spás éirí taobh istigh den spáslong amuigh dul isteach suas dul suas siad obair ní in amanna bíonn orthu teacht ar ais chuig Domhan |
| | **Is Cinnte Nach bhFuil!** | is cinnte nach bhfuil cá bhfuil tú ag dul fanacht súgradh isteach teacht amach gach ainmhí ach amháin |
| Céim 9 | **Feithidí agus Scéalta Eile** | is maith liom buí agus glas sílim go bhfuil siad iontach deas ag léim rith eitilt thart talamh ceart iad ach b'fhearr ina déanann s'againne téann isteach amach gach maidin rithim chuig carr déan Mamaí mall deirim tagann briseann rinne arís anois caithfidh bocht ceann eile áit éigin nua ciall sise fuinneog solas d'amharc gach duine déan Daidí Aintín lig srón leabhar páipéar gruaig scairt thit urlár gheobhaidh dó sílim gur mhaith oscail doras thar loch nuair chonaic mise madadh léim suas ach ní bhfuair síos chuaigh |
| | **An bhFuil tú Mór go Leor?** | an bhfuil tú mór go leor bhí agus ina gcónaí ar taobh amháin lár ba mhaith liom cluiche imirt libh arsa ní thig leat linn tú róbheag fuair chuaigh chuig mhaith tóg seo nuair beidh nach réidh scairt siad isteach san uisce thit rinne gáire seisean |
| | **Maidin Mhaith** | maidin cé atá ag arsa ní mise ann an ghrian madadh léim amach as an chaora ina seasamh sa pháirc an mhuc ithe bricfeasta muidne cearca bia chuir d'imigh teach Mamaí léim leaba Daidí inniu Satharn |
| | **Cad é atá an Damhán Alla a Dhéanamh?** | cad é atá an seo a dhéanamh déanamh a dhéanann téann tabhairt itheann cuid ainmhithe beaga cuid acu fanacht teacht chucu ag cur eagla orm roimh ach níl bith is mó |

© An tÁisaonad 2009

| | | |
|---|---|---|
| | **Dobhareacha** | cad é an orthu cá siad ainmhithe móra iad cosa fiacla acu cluasa súile níl rómhaith ach thig leo maith rith fosta san eile itheann féar plandaí snámh fanacht faoin uisce tugann bainne dóibh cuidíonn minic imigh leat leis bia |
| Céim 10 | **Deich Lacha agus Scéalta Eile** | deich lacha bean amháin dhá amuigh gach lá trí ceithre cúig sé snámh loch seacht ocht is maith leo bheith fliuch naoi deich iad uilig siúlann siad líne ar ais dul luí bhí dúil teach sráid i gcónaí cosa cheol amhrán ceol tógann mamaí agat cosúil eile faoi níor mhaith léi suas chonaic rothar síos gasta ní fhaca traein solas dearg stop scairt teacht rith chomh talamh thosaigh d'amharc d'imigh thart anois uirthi liom d'fhág an fhuinneog oscailt déanta thig liomsa cuidiú leat chuir urlár fosta fan sise ar chrann i ngairdín na héin linne crann ocras isteach bhuail ar ais sa bhaile arán itheann doras amanna buaileann ag iarraidh tháinig chuig bog raibh cosúil d'ith cos sásta míshásta linn thug fuair greim faoin tolg gortaithe iontach scríobh ábalta roimh i bhfad beidh ar dtús dúirt dúil cuairt éigin uilig |
| | **Géanna ag Coimhéad** | an mhaidin atá ann ag ithe amharc thart tá sí ag anois sin eile sise bíonn lá ar fad bíonn siad le chéile itheann snámhann gach nuair a bhíonn deir tógann réidh rith snámh amanna óga thig leis ní fhágann móra croitheann oíche ina gcodladh slán loch amháin |
| | **Na Géanna agus an Róimh** | na agus an scéal fíor i bhfad ó shin tharla rud iontach lár tháinig aníos cnoc níor chuala duine bith iad ní fhaca bhí gach ina gcodladh madaí arsa mhúscail eile thóg thosaigh troid chuir siad |
| | **Bóín Dé, Bóín Dé** | bhí thart nuair tháinig bealach cad chuige bhfuil gasta arsa mo theach páistí sa bhaile rachaidh leat ar dhuilleog teach libh uisce cuidigh linn scairt againn amach gach áit ag caoineadh chuaigh chuig tine go raibh maith agat síos chuig loch beidh an t-uisce deas fuar imigh d'imigh istigh beag ansin |
| | **Ulchabháin** | cén atá orthu cad é itheann siad éin iad acu orthu téann san oíche súile móra maith éisteacht fosta cluas boga thig leo go hiontach ciúin thig ainmhithe eile a chluinstin teacht gasta iontach luchóga coiníní bia bíonn crainn poill trí ceathair mamaí tugann daidí óga ann áiteanna atá te fuar |

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair *(Céim 6)*



Tá focail sa dán a dhéanann rím. Scríobh sna boscaí iad.

agus

agus

Scríobh focail eile a dhéanann rím lena chéile.

agus

agus

© An tÁisaonad 2009

Turas Oscair *(Céim 6)*



Críochnaigh an dán. Déan an pictiúr.


Seo chugainn Oscar, agus luas faoi.

Seo chugainn Oscar, nach mór an spraoi!

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, Róisín agus an Chairt *(Céim 6)*


Déan liosta de na rudaí sa chairt.



| focal | pictiúr |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, Róisín agus an Chairt *(Céim 6)*



Tá cairt agat féin. Cad é a chuirfidh tú isteach inti?


1. ______________________________ 2. ______________________________

3. ______________________________ 4. ______________________________

Déan pictiúr.

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, Róisín agus an Chairt *(Céim 6)*



"Seo duit,"


1. ______________________ arsa Mamaí.
2. ______________________ arsa Daidí.
3. ______________________ arsa Mamó.
4. ______________________ arsa Daideo.

Scríobh d'abairt féin. Déan pictiúr.

______________________________________

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, Róisín agus an Chairt *(Céim 6)*



D'amharc    D'oscail    D'imigh

Scríobh abairtí leo.

________________________________________


________________________________________

________________________________________

Scríobh scéal nó déan pictiúr.

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, Róisín agus an Chairt *(Céim 6)*




Gearr agus cuir na píosaí le chéile leis na focail a dhéanamh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| D | ’ | D | ’ | D | ’ |
| oscail | | amharc | | imigh | |

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, An Liathróid Mhór *(Céim 6)*




Léigh na focail. Déan na pictiúir.

| | |
|---|---|
| | |
| liathróid | liathróidí |
| | |
| crann | crainn |
| | |
| bus | busanna |

© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, An Liathróid Mhór *(Céim 6)*

Scríobh scéal faoi do liathróid féin.



© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, An Liathróid Mhór *(Céim 6)*

Gearr amach agus inis an scéal.




© An tÁisaonad 2009

# Turas Oscair, An Liathróid Mhór *(Céim 6)*

A mhúinteoir, iarr ar na páistí na siollaí seo a ghearradh amach agus focail a dhéanamh leo.

| | |
|---|---|
| ha | ta |
| ma | mó |
| Os | car |
| gas | ta |
| bos | ca |

© An tÁisaonad 2009

# Mo Theaghlach *(Céim 6)*

Cé hiad na daoine i do theaghlach? Déan portráid.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Theaghlach *(Céim 6)*



Léigh na focail. Déan na pictiúir.

| | |
|---|---|
| | |
| Mamaí | Daidí |
| | |
| Mamó | Daideo |
| | |
| Mise | Deartháir |

Inis scéal leis na focail seo.
Ná déan dearmad *mo mhamaí, mo dhaidí* a rá.

© An tÁisaonad 2009

# Mo Theaghlach *(Céim 6)*

Imir cluiche leis na cártaí.

| | |
|---|---|
| Mamaí |  |
| Daidí |  |
| Mamó |  |
| Daideo |  |

© An tÁisaonad 2009

# Mo Theaghlach *(Céim 6)*



Léigh an leabhar. Amharc ar na pictiúir. Scríobh an duine ceart.

Daideo Mamaí Daidí Mamó

Seo duine a thugann aire dom. ________________


Seo duine a chuidíonn liom. ________________

Seo duine a thugann uachtar reoite dom. ________________

Seo duine a léann leabhair liom. ________________

© An tÁisaonad 2009

# An dTig Leat seo a Dhéanamh? *(Céim 6)*



Amharc ar an chlár sa leabhar.

Cad é atá ar leathanach 4? ______________

Cad é atá ar leathanach 10? ______________


Cad é atá ar leathanach 12? ______________

Cad é ba mhaith leatsa a dhéanamh? ___________

Oscail do leabhar ag an leathanach sin agus léigh é.

© An tÁisaonad 2009

# An dTig Leat seo a Dhéanamh? *(Céim 6)*




An dtig leat seo a dhéanamh?
Cad é a rinne tú? Déan na pictiúir.

| | |
|---|---|
| Úsáid iad seo: | 1. |
| 2. | 3. |

© An tÁisaonad 2009

## An dTig Leat seo a Dhéanamh? *(Céim 6)*



Scríobh abairtí leis na focail seo.

| bus | bád | crogall | turtar |
|---|---|---|---|

1.______________________________


2.______________________________

3.______________________________

4.______________________________

© An tÁisaonad 2009

# An dTig Leat seo a Dhéanamh? *(Céim 6)*



Scríobh na focail. Déan na pictiúir.

Thig linn

__________ __________ beach a dhéanamh.

__________ __________ damhán alla a dhéanamh.

__________ __________ turtar a dhéanamh.

__________ __________ ____________ a dhéanamh.

© An tÁisaonad 2009

# An Císte *(Céim 6)*



Scríobh an scéal. Déan an pictiúr.

## Is mise an císte. Tá mé ag dul…

© An tAisaonad 2009

# An Císte *(Céim 6)*



Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a rinne Breandán agus Bairbre?

______________________________________________

2. Cad chuige a bhfuil siad ag caoineadh?

______________________________________________

3. Cad é a fuair Mamaí Bóín Dé?



______________________________________________

Ar mhothaigh tú meancóg ar bith sa leabhar seo? Déan cur síos air.

© An tÁisaonad 2009

## Phéinteáil Peadar Pictiúr *(Céim 6)*

Meaitseáil na pictiúir leis na habairtí.

| | | |
|---|---|---|
|  |  |  |
|  |  |  |

| | |
|---|---|
| Luchóg bheag bhán | Teach mór dearg |
| Crann beag glas | Crann mór dearg |
| Teach beag bán | Luchóg mhór bhán |

© An tÁisaonad 2009

# Phéinteáil Peadar Pictiúr *(Céim 6)*

Scríobh scéal agus déan an pictiúr.


| D'amharc | Peadar | thig | arsa |
|---|---|---|---|

☆ ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________




© An tAisaonad 2009

## Phéinteáil Peadar Pictiúr *(Céim 6)*

Thig liom

__________ __________ teach a phéinteáil.

__________ __________ luchóg a phéinteáil.

__________ __________ crann a phéinteáil.

__________ __________ beach a phéinteáil.

Amharc ar do chuid péinteanna. Cad é a thig leat a phéinteáil?

© An tÁisaonad 2009

# Phéinteáil Peadar Pictiúr *(Céim 6)*



Léigh an leabhar. Faigh amach...


1. Cad é a dúirt Peadar?
2. Cad é a dúirt Mamaí?
3. Cad é a dúirt Daidí?
4. Cad é a dúirt Mamó?
5. Cad é a dúirt Daideo?









© An tÁisaonad 2009

Biongó Focal *(Céim 6)*



© An tÁisaonad 2009

## Biongó Focal *(Céim 6)*

| | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
|  |  |  |  |
|  |  |  |  |


© An tÁisaonad 2009


**Biongó Focal** *(Céim 6)*


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| beach | Bóín Dé | liathróid | teach | bosca |
| Mamó | Daideo | Mamaí | Daidí | turtar |
| císte | hata | bus | crainn | luchóg |
| luchóg | bád | stocaí | crann | bosca |

© An tÁisaonad 2009

# Cad é atá siad a rá?









© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin *(Céim 7)*

Cad iad na hainmhithe atá sa dán?





Aimsigh focail a dhéanann rím le mú.

Thig leat an dán seo a cheol mar amhrán. Ceol é agus faigh uirlisí le fuaimeanna na n-ainmhithe a dhéanamh. *(Fonn – Skip to My Lou)*

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin *(Céim 7)*


Is tusa an feirmeoir. Tá na hainmhithe i do theach. Scríobh an scéal agus déan an pictiúr.

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cat Scríobach *(Céim 7)*

Gearr amach nó scríobh na fuaimeanna seo ar na línte fuaime thíos.


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| b | s | t | a | t | f |
| a | r | r | d | g | o |



___ ___ ___ ___



___ ___ ___ ___



___ ___ ___ ___

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cat Scríobach *(Céim 7)*

Gearr amach na fuaimeanna seo. Cuir ar línte fuaime ar chlár bán iad.
Cá mhéad fuaim atá san fhocal seo? _______

| | | |
|---|---|---|
| c | a | rr |

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cat Scríobach *(Céim 7)*

Déan liosta de na rudaí a scríob Lára.

1. ______________________

2. ______________________

3. ______________________

4. ______________________


5. ______________________

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cat Scríobach *(Céim 7)*

Léigh an abairt.

"Stad!" a scairt Mamaí.



Scríobh 2 abairt eile le " "

1. ______________________________

2. ______________________________

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cearca Nuala *(Céim 7)*

Is maith liom ______.

Is maith ______ ______.

Is maith liom Nuala.


Is ______ ______ ______.

______________________________

______________________________.

______________________________


______________________________.



© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Cearca Nuala *(Céim 7)*

Ceann nó dhó! Scríobh isteach an t-iolra.

cearc.........................................

páiste.........................................

bróg...........................................

hata..........................................

cos............................................

peata.........................................

bosca.........................................

cóta...........................................

© An tÁisaonad 2009

Bó sa Chistin, Simba *(Céim 7)*



Scríobh an scéal.

# Chuaigh mise chuig an pháirc...

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Simba *(Céim 7)*




Ciorclaigh na difríochtaí. Ansin scríobh na focail ar na línte.

chuaigh                    chuig

__________________                    __________________

Scríobh abairt le chuaigh .

________________________________________

Scríobh abairt le chuig .

________________________________________

© An tÁisaonad 2009

# Bó sa Chistin, Simba *(Céim 7)*

Léigh na habairtí. Déan na pictiúir.

Bhí Malik agus Mara ag súgradh ar na céimeanna.

Bhí Malik agus Mara ag súgradh ar na luascáin.

Bhí Malik agus Mara ag súgradh ar an sleamhnán.

© An tÁisaonad 2009

# Béir, Béir, Béir *(Céim 7)*



Scríobh isteach na focail.

| Tá | béar | ag |

1. ___ _______ ___ rith.

2. ___ _______ ___ ithe.

3. ___ _______ ___ súgradh.

4. ____________________________.

© An tÁisaonad 2009

# Béir, Béir, Béir *(Céim 7)*

Scríobh na focail a dhéanann rím. Faigh cinn eile.

| | | |
|---|---|---|
| nigh | agus | |
| clábar | agus | |
| císte | agus | |
| staighre | agus | |
| | agus | |
| | agus | |

© An tÁisaonad 2009

# Béir, Béir, Béir *(Céim 7)*

Léigh an abairt.

Scríobh abairt eile le !

| | |
|---|---|
| Císte, císte, ná déan scíste! | |

Léigh an abairt.

Scríobh abairt eile le ?

| | |
|---|---|
| Cad é mar a bhí an turas? | |

© An tÁisaonad 2009

# Béir, Béir, Béir *(Céim 7)*



Déan cuntas ar na béir… a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig.
Léigh an leabhar agus scríobh isteach na focail seo. Bí cúramach leis an séimhiú!

Tá an ________ ________ beag ag glanadh.

Tá an ________ ________ beag ag glanadh.

Tá an ________ ________ beag ag glanadh.

Tá an ________ ________ beag ag déanamh císte.

Tá an ________ ________ beag ag dul suas an staighre.

Agus is féidir iad a scríobh mar seo –

1ú 2ú 3ú 4ú 5ú

© An tÁisaonad 2009

# Cé Leis an Ubh seo? *(Céim 7)*



Léigh an leabhar agus faigh an t-eolas seo.

Is leis an chrogall na huibheacha seo. Cá bhfuil siad?

Is leis an ostrais na huibheacha seo. Cá bhfuil siad?


Is leis an fhaoileán na huibheacha seo. Cá bhfuil siad?

Is leis an fhrog na huibheacha seo. Cá bhfuil siad?

© An tÁisaonad 2009

# Cé Leis an Ubh seo? *(Céim 7)*

Is tusa an ubh. Cad é atá tú a rá?



© An tÁisaonad 2009


# Cé Leis an Ubh seo? *(Céim 7)*

Freagair na ceisteanna.

| | | |
|---|---|---|
| Is liomsa é. | Is le Síle é. | Is le Cathal é. |




Cé leis an mála scoile seo?



Cé leis an bosca sin?








Cé leis an liathróid sin?



© An tÁisaonad 2009

# Peataí ar Scoil *(Céim 7)*





Scríobh an scéal.



## Bhí na peataí ar scoil againn inniu....

Úsáid na focail seo le cuidiú leat –

mór beag deas álainn fada gruagach mín dubh bán rua
ard tanaí ramhar maol gasta fadálach glic faiteach

© An tÁisaonad 2009

# Peataí ar Scoil *(Céim 7)*

Léigh an leabhar. Faigh focail ina bhfuil litreacha dúbailte, *m.sh. carr*

Scríobh sa réalta thíos iad. Amharc i leabhair eile le focail eile ina bhfuil litreacha dúbailte a fháil. Scríobh sa réalta thíos iad fosta.

© An tÁisaonad 2009

## Peataí ar Scoil *(Céim 7)*

Seo é mo pheata féin.
(Nó an peata ba mhaith liom!)

______________ an t-ainm atá ar mo pheata .

Is maith leis __________________.


Is maith leis __________________.


_______________________________________________________


_______________________________________________________

© An tÁisaonad 2009

# Peataí ar Scoil *(Céim 7)*







Freagair na ceisteanna.

1. Cad é atá ag Seán? Tá ______________ ag Seán.

2. Cad é atá ag Úna? Tá ______________________________.

3. Cad é atá ag Síle? __________________________________.

4. Cad é atá agatsa? ___________________________________.


© An tÁisaonad 2009

# Lá Breithe Sona Duit! *(Céim 7)*



© An tÁisaonad 2009

# Lá Breithe Sona Duit! *(Céim 7)*




© An tÁisaonad 2005

# Lá Breithe Sona Duit! *(Céim 7)*




**Cnag, Cnag!** Tá fuaim **r** leis an **n.**

Léigh na focail eile seo – **cnoc, cnámh, cnaipe**, **cnámharlach, cnap, cnapán, cnó**.

Ciorclaigh na focail ina bhfuil **n** mar **r.**

Chuaigh cnámharlach suas an cnoc agus cnaipe mór ina lámh.
Chonaic sé loch mór deas is chuaigh isteach a shnámh.
Anuas ar a cheann, thit cnó mór donn.
Is chaill sé an cnaipe is a chnámh.

© An tÁisaonad 2009

# Fuaimeanna agus Fónaic *(Céim 7)*

Amharc siar ar na leabhair atá léite agat. Aimsigh focail ina bhfuil litreacha dúbailte, *m.sh. carr.* Ar thug tú rud ar bith faoi deara?
Cad iad na litreacha dúbailte atá sa Ghaeilge? _____ _____ _____.
Déan liosta de na focail seo ar an tabla thíos. Aimsigh na focail i do leabhair.


| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

© An tÁisaonad 2009


# Fuaimeanna agus Fónaic *(Céim 7)*

Gearr amach nó scríobh na fuaimeanna seo ar na línte fuaime thíos.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| b | c | c | a | a | ll |
| a | p | a | a | c | |
| nn | a | rr | ll | r | |




___ ___ ___



___ ___ ___ ___



___ ___ ___ ___



___ ___ ___ ___ ___

© An tÁisaonad 2009


# Dónall Dobhareach *(Céim 8)*

Tá focail agus frásaí anseo a dhéanann rím. Meaitseáil iad agus úsáid iad le cur leis an dán.

| | | |
|---|---|---|
| ar an ché | ar feadh an lae | tá mé réidh |
| gabh ar aghaidh | cupán tae | an lá inné |
| níos lú | tú | ag teacht chucu |
| ag déanamh | ag tarlú | ar an talamh |

© An tÁisaonad 2009

# Is Maith le Dónall Dobhareach an Domhnach *(Céim 8)*



**Scríobh freagraí ar na ceisteanna seo:**

1. Cé a scríobh an dán *Dónall Dobhareach*?

_______________________________________________

2. Cén lá a thagann roimh an Mháirt?

_______________________________________________

3. Cén lá a thagann i ndiaidh Déardaoin?

_______________________________________________

4. Cá háit a rachaidh Dónall inniu?

_______________________________________________

5. An dtig le Dónall dul chuig an trá sa tacsaí?

_______________________________________________

6. An bhfaca Dónall leoraí?


_______________________________________________

7. An dtig le Dónall snámh?

_______________________________________________

© An tÁisaonad 2009

## Is Maith le Dónall Dobhareach an Domhnach *(Céim 8)*



Scríobh isteach an litir bheag nó an ceannlitir sna boscaí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ___ a | G ___ | H ___ | ___ b |
| ___ c | D ___ | F ___ | ___ s |
| T ___ | ___ e | O ___ | ___ r |
| P ___ | ___ m | I ___ | ___ j |
| ___ u | N ___ | V ___ | L ___ |
| ___ f | Z ___ | ___ x | ___ g |








© An tÁisaonad 2009

# Is Maith le Dónall Dobhareach an Domhnach *(Céim 8)*




Bhí tú féin agus do chara ag dul chuig an trá. Chonaic sibh Dónall Dobhareach. Chuir sibh ceisteanna air. Cad iad na ceisteanna a chuir sibh air? Ná déan dearmad ar na ***comharthaí ceiste***!




© An tÁisaonad 2009

# Is Maith le Dónall Dobhareach an Domhnach *(Céim 8)*



Níor mhaith le Dónall dul chuig an trá. Ba mhaith leis dul a sciáil. An dtig leat cuidiú leis a mhála a phacáil?


















© An tÁisaonad 2009

# Dónall Dobhareach, Peadar Portán *(Céim 8)*

Ciorclaigh na frásaí cearta. Ansin déan do cheist féin.

1. Cé a scríobh an scéal *Peadar Portán*?

   Frances Bacon
   Philip Webb
   Ian Forss

1. Cad é ba mhaith le Peadar Portán?

   carr úr
   tacsaí
   bád
   teach úr

3. Cad é a chonaic Peadar Portán?

   cocatú
   coinín
   eascann

4. Bhí an canna…

   …róbheag
   …róthanaí
   …róthe

5. Cén sórt tí a d'aimsigh Peadar?

   bus
   árasán
   sliogán
   óstán

6.

Peadar Portán




© An tÁisaonad 2009

# Dónall Dobhareach, Peadar Portán *(Céim 8)*

Cad é a dúirt na hainmhithe eile le Peadar? Cad é atá ag deireadh gach abairte? Cad chuige?



Ba mhaith liom teach úr.








© An tÁisaonad 2009

# Dónall Dobhareach, Peadar Portán *(Céim 8)*



Ba mhaith liom teach úr.

Níl teach ar bith anseo duit!



Tá Peadar ag caint leis an iasc. Seo mar a bhíonn caint le bolgáin chainte. Scríobh amach an chaint seo mar a bhíonn i scéal. Ná déan dearmad ar na ***comharthaí cainte***!

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

Anois scríobh an chaint a bhí ag Peadar leis an eascann.

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

Anois scríobh an chaint a bhí ag Peadar leis an phortán mhór.


…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

© An tÁisaonad 2009

## Dónall Dobhareach, Dóra Dobhareach *(Céim 8)*

Scríobh isteach na focail atá ar iarraidh sna bolgáin chainte. liom leat



Tá mise ag dul amach a shúgradh.

Tá mise ag dul ______.



Ar mhaith leat an leabhar seo a léamh _______?

Ba mhaith liom é a léamh _______.




An dtig liom dul a scátáil ______?

Thig leat teacht ______ cinnte.




Tá sneachta ann ach níl duine ar bith ag súgradh ______.



Tá liathróid agam. Ar mhaith leat súgradh ________?

Ní thig liom súgradh ______. Tá me ag obair.




Ar mhaith ______ teacht isteach sa bhosca ______?

© A

## *Dónall Dobhareach, Dóra Dobhareach* (Céim 8)

Cad é an fhuaim atá ar iarraidh sa scéal beag seo? Scríobh isteach í.

Ar __arla rud ar bi__ ar an bhó__ar? Ar __ug tú do ro__ar ar an bhó__ar? Tá da__ deas ar an ro__ar sin.



Amharc i do leabhar agus faigh focail eile ina bhfuil an fhuaim seo.

© An tÁisaonad 2009

# Béir Bhána *(Céim 8)*

Roghnaigh ainmhí eile. Úsáid na lipéid thíos atá de dhíth ort.

| | | |
|---|---|---|
| fionnadh | cluasa | súile |
| crúba | srón | eireaball |
| droim | cosa | bolg |

© An tÁisaonad 2009

Béir Bhána *(Céim 8)*


Gearr amach na focail agus cuir in ord iad.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tá | . | fionnadh | agus | cluasa |
| ar | , | mhadadh | mo | srón |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| agus | mála | leabhar | . | Tá |
| ag | chara | liathróid | , | mo |

© An tÁisaonad 2009

# Béir Bhána *(Céim 8)*




,

Tá cluasa agus súile agus crúba agus fionnadh ag an bhéar bhán.

Ní maith le scríbhneoirí an focal agus a úsáid rómhinic. Cuireann siad isteach camóg ina áit. Fágann siad an agus deireanach.

Scríobh an abairt thuas agus cuir isteach camóg gach áit a bhfuil an focal agus. Fág an ceann deireanach.

© An tÁisaonad 2009

# Béir Bhána *(Céim 8)*

Léigh an sliocht seo amach os ard. Tá fuaim áirithe ann. Ciorclaigh an fhuaim sin gach uair a chluin tú í.

Cá bhfuil na béir bhána? An mbíonn siad abhus in Éirinn nó i bhfad ar shiúl? An bhfaca tú ceann ar bhalla nó ar bhád? Más béir gharbha iad beidh do bhata de dhíth le hiad a bhualadh.

Amharc i leabhair eile. Déan liosta de na focail ina bhfuil an fhuaim seo. Bíodh siad ag tús, lár nó deireadh focal.

© An tÁisaonad 2009

# Béir Bhána *(Céim 8)*

***a b c d e f g h I j k l m n o p q r s t u v w x y z***

An bhfuil an aibítir ar eolas agat? Abair í.

Cuir na litreacha seo in ord aibítre - **g m b a l s z** ________________


Tá an t-innéacs sa leabhar seo in ord aibítre. Cuir na focail seo in ord aibítre. Ansin déan innéacs nua leis na focail san ord ceart.

| | |
|---|---|
| cluasa | ______________ |
| súile | ______________ |
| béir | ______________ |
| pluais | ______________ |
| geimhreadh | ______________ |

béir ………………………… leathanach …………

© An tÁisaonad 2009

# Béir Bhána *(Céim 8)*



Freagair na ceisteanna seo:

1. An bhfuil súile móra ag an bhéar bhán?

_______________________________________________

2. Cá háit a maireann na béir bhána?

_______________________________________________

3. An bhfuil teacht ar na béir bhána i gCeanada?

_______________________________________________

4. Cad é a itheann na béir bhána?

_______________________________________________


5. Cá háit a gcaitheann na béir bhána an geimhreadh?

_______________________________________________



© An tÁisaonad 2009




# Béir Bhána *(Céim 8)*

Bíonn coileáin ag an bhéar bhán. Cad iad na hóga a bhíonn ag na hainmhithe eile seo? Meaitseáil na pictiúir seo leis na focail ar an leathanach eile.





© An tÁisaonad 2009

Béir Bhána *(Céim 8)*


| | | | |
|---|---|---|---|
| muc | bó | capall | caora |
| searrach | sicín | banbh | lao |
| uan | cearc | | |

© An tÁisaonad 2009

